Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12331/1/23**
**REV 1**

**EF 255**
**ECOFIN 820**
**SURE 9**
**CODEC 1480**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 455 final/2 |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le raon feidhme Rialachán (AE) 2016/1011, go háirithe sa mhéid a bhaineann le húsáid leanúnach tagmharcanna tríú tír ag eintitis faoi mhaoirseacht agus maidir leis na heasnaimh a d'fhéadfadh a bheith sa chreat reatha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 455 final/2.

---

Faoi iamh: COM(2023) 455 final/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.10.2023
COM(2023) 455 final/2

CORRIGENDUM

This document corrects document COM(2023) 455 final of 14.7.2023.

Concerns all language versions.

On page 5,
for: 'Table 2: Overview of the number of EU and non-EU benchmark administrators'
read: 'Table 1: Overview of the number of EU and non-EU benchmark administrators, according to information received from ESMA, based on data from Rimes Technologies - Data Management for Financial Services (www.rimes.com)'.

On page 6, footnote 18,
for: 'Reported by ESMA on the basis of a commercial database'
read: 'According to information received from ESMA, based on data from Rimes Technologies - Data Management for Financial Services (www.rimes.com)'.

The text shall read as follows:

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## maidir le raon feidhme Rialachán (AE) 2016/1011, go háirithe sa mhéid a bhaineann le húsáid leanúnach tagmharcanna tríú tír ag eintitis faoi mhaoirseacht agus maidir leis na heasnaimh a d'fhéadfadh a bheith sa chreat reatha

1. Réamhrá....................................................................................................2

2. Comhthéacs polaitiúil agus dlíthiúil...................................................................2

3. Breithmheas............................................................................................9

4. Na chéad chéimeanna eile ........................................................................11

## 1. RÉAMHRÁ

Is é atá i dtagarmharc innéacs ([1]) a úsáidtear mar thagairt chun praghas ionstraime airgeadais nó conradh airgeadais a chinneadh. Táirgtear raon leathan tagarmharcanna faoi láthair, lena n-áirítear tagarmharcanna rátaí úis amhail EURIBOR, tagarmharcanna cothromais agus tagarmharcanna tráchtearra, e.g. tagarmharcanna fuinnimh amhail West Texas Intermediate (WTI) nó Brent. Tá difríocht idir tagarmharcanna i dtéarmaí na sonraí bunúsacha a úsáidtear, an chaoi a mbailítear na sonraí bunúsacha, an chaoi a ríomhtar an tagarmharc agus an chaoi a scaiptear é ar an úsáideoir deiridh.

Is margaí domhanda iad margaí airgeadais, agus déantar tagarmharcanna a tháirgeadh agus a úsáid go hidirnáisiúnta. Déanann Bainc Eorpacha, cistí infheistíochta agus úsáideoirí eile tagarmharcanna([2]) tagairt do thagarmharcanna AE agus neamh-AE chun críoch éagsúil, idir a rioscaí féin a fhálú, lena n-áirítear rioscaí úis, rioscaí creidmheasa, agus rioscaí malairte eachtraí, agus táirgí a thairiscint chun riosca a gcliant a fhálú, agus punann infheistíochta a bhunú trí úsáid a bhaint as an tagarmharc mar theimpléad infheistíochta nó mar thagarmharc feidhmíochta. Is iad riarthóirí lasmuigh den Aontas Eorpach a tháirgeann formhór na dtagarmharcanna (níos mó ná 3,6 milliún)([3]). Tá na rialacha i Rialachán (AE) 2016/1011 (Rialachán na dTagarmharcanna/BMR) maidir le húsáid tagarmharcanna neamh-AE thar a bheith tábhachtach dá bhrí sin ([4]) .

Leis an tuarascáil seo, téitear i mbun an ghnímh den sainordú in Airteagal 54(6) de BMR, lena n-éilítear tuarascáil maidir le raon feidhme an Rialacháin seo, go háirithe sa mhéid a bhaineann le húsáid leanúnach tagarmharcanna tríú tír ag eintitis faoi mhaoirseacht agus maidir leis na heasnaimh a d'fhéadfadh a bheith sa chreat reatha. Leis an tuarascáil seo agus lena conclúid comhlíontar freisin an coinníoll maidir le glacadh an ghnímh tharmligthe de bhun Airteagal 54(7) de BMR, chun síneadh a chur leis an idirthréimhse sula gcuirfear na rialacha maidir le húsáid tagarmharcanna neamh-AE i bhfeidhm.

## 2. COMHTHÉACS POLAITIÚIL AGUS DLÍTHIÚIL

Tá soláthar agus úsáid tagarmharcanna ina ngníomhaíochtaí rialaithe faoi BMR ó bhí 2016 ann. Tá gach riarthóir tagarmharcanna san Aontas Eorpach faoi mhaoirseacht náisiúnta ([5]) nó faoi mhaoirseacht AE ([6]) agus ní mór dó cloí le rialacha eagraíochtúla agus rialacha maidir le déanamh gnó.

Le BMR, cuirtear chun feidhme go bunúsach Prionsabail na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús maidir le Tagarmharcanna Airgeadais (Na Prionsabail IOSCO), nó, i gcás inarb infheidhme, na Prionsabail le haghaidh Gníomhaireachtaí a Thuairiscíonn Praghas na hOla (Prionsabail IOSCO PRA). Forbraíodh an dá shraith prionsabal sin ar an leibhéal idirnáisiúnta in 2012-2013 mar fhreagra ar nochtaí éagsúla faoi ionramháil

([1]) Is ionann innéacs agus aonad tomhais staidrimh, ar phraghas nó ar chainníocht de ghnáth, arna ríomh nó arna chinneadh ó thacar ionadaíoch sonraí foluiteacha.

([2]) Sainmhínítear eintitis faoi mhaoirseacht in Airteagal 3(1)(17) de BMR.

([3]) De réir na faisnéise a fuarthas ó ESMA, atá bunaithe ar shonraí ó Rimes Technologies dar teideal '*Data Management for Financial Services*' ['Bainistíocht Sonraí le haghaidh Seirbhísí Airgeadais'] (www.rimes.com).

([4]) Go háirithe Airteagal 29(1) *in fine* agus Airteagail 30-33 de BMR.

([5]) I gcás gach tagarmharc seachas tagarmharcanna criticiúla AE.

([6]) Déanann ESMA maoirseacht ar thagarmharcanna criticiúla AE.

tagarmharcanna agus tá siad fós ina bpointe fócasach tábhachtach do chórais um rialacháin maidir le tagarmharcanna ar fud an domhain. Cloíonn formhór na riarthóirí tagarmharcanna gairmiúla leis na prionsabail, cé gur ar bhonn féindeimhnithe den chuid is mó atá sé.

## Raon feidhme BMR

Tá BMR ina cheangal ar gach riarthóir tagarmharcanna de chuid an Aontais Eorpaigh, le sáruithe ar féidir fíneálacha a ghearradh suas le 10 % de láimhdeachas bliantúil an pháirtí a dhéanann an sárú. I gcodarsnacht le córais dlí do thagarmharcanna i ndlínsí eile, tá raon feidhme leathan ag BMR, bunaithe ar an mbonn go bhféadfadh gach tagarmharc airgeadais agus gach riarthóir a bheith faoi réir coinbhleachtaí leasa. Dá bhrí sin, ní hamháin go gcumhdaítear le BMR tagarmharcanna a bhfuil ábharthacht shistéamach ag baint leo agus tagarmharcanna atá so-ghabhálach go háirithe i leith coinbhleachtaí leasa, ach cumhdaítear freisin tagarmharcanna nach n-úsáidtear chomh minic sin agus tagarmharcanna nach dócha go dtiocfaidh coinbhleachtaí leasa chun cinn ina leith. Ar an gcúis sin, cuireadh gnéithe suntasacha comhréireachta san áireamh in BMR bunaithe ar dhifríochtaí idir tagarmharcanna i dtéarmaí saintréithe agus leochaileachtaí ([7]) . Ar deireadh, chun aon riosca arbatráiste rialála a mhaolú, cuireadh toirmeasc ar úsáid tagarmharcanna neamh-AE, ach amháin i gcás ina bhfuil siad faoi réir rialáil agus maoirseacht áitiúil choibhéiseach, nó i gcás ina gcomhlíonann riarthóir tagarmharcanna BMR go deonach agus ina lorgaíonn sé nó sí rochtain ar mhargadh an Aontais Eorpaigh trí aitheantas nó formhuiniú.

Tháinig BMR i bhfeidhm an 1 Eanáir 2018 agus idirthréimhse ann le haghaidh na dtagarmharcanna atá ann cheana agus le haghaidh na dtagarmharcanna neamh-AE go dtí an 31 Nollaig 2019. Cuireadh an spriocdháta sin siar faoi dhó níos déanaí agus is é an 31 Nollaig 2023 an sprioc-am anois([8]).

Sa togra a ndéanfaí athbhreithniú BMR 2020 de, scrúdaíodh éifeachtaí na rialacha tríú tíortha dá bhforáiltear in BMR ar infhaighteacht tagarmharcanna malairte eachtraí (FX) áirithe do rannpháirtithe margaidh an Aontais, toisc gur thug rannpháirtithe margaidh le fios go gcuirfí srian le hAirteagal 29(1) BMR ar rochtain ar go leor de na tagarmharcanna sin dá gcuirfí an chaibidil tríú tír i bhfeidhm.([9]) Dúshlán ar leith do na tagarmharcanna sin maidir le rochtain a fháil ar amhargadh an Aontais is ea nach dtáirgtear iad chun críoch tráchtála de ghnáth agus is minic go bhfoilsíonn eintitis leathphoiblí iad nó go bhfuil siad faoi rialú rialtas a úsáideann iad mar uirlis bheartais. Toisc go bhfoilsítear iad ar bhonn neamhthráchtála, níl dreasacht eacnamaíoch ann do riarthóirí chun comhlíonadh BMR a lorg. Agus an baol ann go bhfágfaí eintitis de chuid an Aontais atá faoi mhaoirseacht gan rochtain ar thagarmharcanna malairte eachtraí is gá chun gníomhaíochtaí gnó a fhálú sna tríú tíortha lena mbaineann, thug na comhreachtóirí cumhachtaí don Choimisiún chun úsáid tagarmharcanna malairte eachtraí sonracha a cheadú.

Ar scála níos leithne, thuig na comhreachtóirí go bhféadfadh cur i bhfeidhm na rialacha ar thagarmharcanna tríú tíortha difear a dhéanamh d'infhaighteacht tagarmharcanna tríú tíortha d'úsáideoirí tagarmharcanna AE, difear a bheadh níos mó ná an fothacar an-sonrach de thagarmharcanna malairte eachtraí. Ba le linn an phróisis caibidlíochta sin freisin a chuir

([7]) E.g., tá grádaíocht idir tagarmharcanna criticiúla, suntasacha agus neamhshuntasacha ar bhonn líon na gconarthaí airgeadais agus na n-ionstraimí airgeadais lena dtagraítear do thagarmharc, is é sin go bhfuil an rogha ag riarthóirí den dá chatagóir deiridh gan ceanglais áirithe a chur i bhfeidhm ar bhonn 'géill nó mínigh' (féach Airteagail 25 agus 26 BMR). Ina theannta sin, tá tagarmharcanna a úsáideann sonraí ionchuir arna rialáil ag an bhfoinse ( tagarmharcanna sonraí rialáilte mar a thugtar orthu) faoi réir rialacha nach bhfuil chomh dian sin maidir le sonraí ionchuir a rialú (féach Airteagal 17 BMR).

([8]) Le Rialachán (AE) 2019/2089 agus Rialachán (AE) 2021/168.

([9]) Féach an Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52020SC0142

na comhreachtóirí an sainordú athbhreithniúcháin san áireamh ar bhunú na tuarascála seo.[10]

[10] Airetagail 54(6) agus 54(7) BMR.

**Rialacha maidir le húsáid tagarmharcanna neamh-AE([11])**

Faoi na rialacha tríú tír atá ann faoi láthair is féidir tagarmharcanna neamh-AE a úsáid san Aontas ar choinníoll go bhfaigheann siad rochtain ar cheann de na trí bhealach atá sonraithe in BMR.

Is é an chéad bhealach **coibhéis (Airteagal 30 BMR)**, atá i bhfoirm cinnidh cur chun feidhme lena sonraítear go bhforchuirtear leis an gcreat rialála i dtríú tír ceanglais cheangailteacha atá coibhéiseach le ceanglais BMR, agus go bhfuil na ceanglais sin faoi réir maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach. Tá dhá leagan de chinneadh den sórt sin ar fáil, leagan lena gcumhdaítear raon feidhme iomlán rialacháin tríú tír maidir le tagarmharcanna nó leagan nach gcumhdaítear ach riarthóirí sonracha, tagarmharcanna sonracha nó finte sonracha tagarmharcanna. A luaithe a dhéantar cinneadh coibhéise, téann an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) i dteagmháil leis an maoirseoir tríú tír agus bunaíonn sé socruithe comhair lena gcumhdaítear malartú faisnéise agus fógra pras i gcás ina gcinnfidh údarás inniúil tríú tír go bhfuil riarthóir ag sárú a oibleagáidí dlíthiúla. Áirítear tagarmharcanna a chumhdaítear le cinneadh coibhéise i gclár ESMA um thagarmharcanna tríú tíortha atá ar fáil lena n-úsáid san Aontas. Níor deonaíodh coibhéis pháirteach ach ar an Astráil agus ar Shingeapór, agus níor léirigh ach dornán dlínsí eile spéis inti.

De bhrí go mbraitheann coibhéis ar reachtóir tríú tír agus / nó ar mhaoirseoir an tionscnamh a ghlacadh chun dul i dteagmháil leis an gCoimisiún Eorpach, is féidir an dá bhealach rochtana thíos a úsáid ar thionscnamh riarthóirí tagarmharcanna amháin, nó riarthóirí tagarmharcanna atá gníomhach i ndlínse nach bhfuil siad faoi réir rialachán ceangailteach.

Is é an dara bealach rochtana **formhuiniú (Airteagal 33 BMR)**, ina nglacann eintiteas de chuid an Aontais atá faoi mhaoirseacht (a d'fhéadfadh a bheith ina riarthóir tagarmharcanna nó ina eintiteas de chineál eile atá faoi réir maoirseachta ag údarás inniúil náisiúnta AE) freagracht rialála as tagarmharc neamh-AE. Leagtar amach le BMR gur cheart 'ról soiléir dea-shainithe laistigh de chreat rialaithe nó cuntasachta riarthóra de chuid tríú tír' a bheith ag an eintiteas a dhéanann an formhuiniú agus ba cheart é a bheith in ann 'faireachán éifeachtach a dhéanamh ar sholáthar tagarmhairc'. I measc coinníollacha eile, ceanglaítear le BMR cúis oibiachtúil a bheith ann maidir le cén fáth a dtáirgtear an tagarmharc lasmuigh den Aontas. Áirítear tagarmharcanna formhuinithe nó finte tagarmharcanna formhuinithe i gclár ESMA um thagarmharcanna tríú tíortha.

Is é an tríú bealach rochtana do thagarmharcanna neamh-AE **aitheantas (Airteagal 32 BMR)**. Faoin scéim seo, ní mór ionadaí dlíthiúil a bheith ag riarthóir tríú tír, i.e., duine nádúrtha nó dlítheanach atá lonnaithe san Aontas agus atá ceaptha go sainráite ag an riarthóir sin chun gníomhú ar a shon maidir lena oibleagáidí faoi BMR. Ní mór don riarthóir comhlíonadh phríomhcheanglais BMR a léiriú do ESMA, ar féidir leis socrú comhair a thabhairt i gcrích le maoirseoir intíre an riarthóra i gcás inarb infheidhme.

Is féidir le riarthóir neamh-AE ar mian leis a thagarmharcanna a dhíriú ar eintitis de chuid an Aontais atá faoi mhaoirseacht aitheantas agus formhuiniú a thionscnamh. Mar sin féin, chun rochtain a fháil ar cheachtar de na bealaí sin, ní mór leas eacnamaíoch a bheith ag riarthóir é sin a dhéanamh. Mura bhfuil leas ar bith ann, ní dhéanfaidh riarthóir neamh-AE

([11]) Go háirithe Airteagal 29(1) *in fine* agus Airteagail 30-33 de BMR.

iarracht an láithreacht riachtanach san Aontas a bhunú agus luach saothair a thabhairt dó, agus bainfear d'úsáideoirí AE na tagarmharcanna lena mbaineann.

**Forléargas ar mhargadh an Aontais maidir le tagarmharcanna**

Tá 72 riarthóir tagarmharcanna de chuid an Aontais liostaithe ar chlár ESMA faoi láthair. As na tagarmharcanna atá in úsáid san Aontas faoi láthair, is tagarmharc criticiúil é ceann amháin (EURIBOR) atá faoi mhaoirseacht ESMA([12]) . Is tagarmharcanna criticiúla faoi mhaoirseacht náisiúnta iad trí cinn - Ráta Tairgthe Idirbhainc Stócólm (STIBOR), Ráta Tairgthe Idirbhainc na hIorua (NIBOR) agus Ráta Tairgthe Idirbhainc Vársá (WIBOR)([13]). Is tagarmharcanna ráta úis iad na tagarmharcanna criticiúla sin go léir, agus tá gach ceann acu á riar ag riarthóir AE éagsúil. Léiríodh i suirbhé neamhfhoirmiúil a rinne ESMA ar mhaoirseoirí náisiúnta go raibh seisear riarthóirí tagarmharcanna faoi mhaoirseacht Eorpach i mí Mheán Fómhair 2022 (trí riarthóir de chuid an Aontais agus trí cinn ó thíortha lasmuigh den Aontas([14])) ag tairiscint 50 tagarmharc shuntasacha([15]) . Ina theannta sin, ó mhí an Mhárta 2023, tá 12 riarthóir san iomlán ag soláthar tagarmharcanna aeráide AE, leath acu sin faoi réir na maoirseachta Eorpaí faoi BMR: cúig cinn á maoirsiú ag údaráis náisiúnta agus ceann amháin á mhaoirsiú ag ESMA faoin gcóras aitheantais.

Liostaítear 14 riarthóir neamh-AE ar chlár ESMA freisin, a roghnaíonn bealaí rochtana éagsúla. Leis na cinntí um **choibhéis** don Astráil agus do Shingeapór, cumhdaítear beirt riarthóirí agus seacht dtagarmharc san iomlán. Roghnaigh beirt riarthóirí tagarmharcanna (Innéacsanna S&P Dow Jones LLC agus Innéacs SIX AG) an bealach um **fhormhuiniú** le haghaidh 4 597 dtagarmharc san iomlán. Tríd an mbealach um **aitheantas**, cuireadh 10 riarthóir ([16]) san áireamh i gclár ESMA, agus cumhdaíodh 15 245 thagarmharc san iomlán.

*Tábla 1: Forbhreathnú ar líon na riarthóirí tagarmharcanna AE agus neamh-AE, de réir na faisnéise a fuarthas ó ESMA, atá bunaithe ar shonraí ó Rimes Technologies - 'Data Management for Financial Services' ['Bainistíocht Sonraí le haghaidh Seirbhísí Airgeadais'] (www.rimes.com)*

| **Riarthóirí tagarmharcanna AE** | **Iomlán** | **AE** | **Neamh-AE** |
|---|---|---|---|

([12]) Airteagal 20(1)(a) BMR, lena gceanglaítear go ndéanfar tagairt do thagarmharc le méid iomlán conarthaí airgeadais agus ionstraimí airgeadais de luach EUR 500 billiún ar a laghad.

([13]) Airteagal 20(1)(b) BMR.

([14]) Tar éis rochtain a fháil ar mhargadh an Aontais trí aitheantas nó trí fhormhuiniú. Tá sé sin sa bhreis ar líon anaithnid riarthóirí neamh-AE a thairgeann tagarmharcanna suntasacha san Aontas faoi na forálacha idirthréimhseacha.

([15]) i.e., tagarmharcanna dá dtagraítear le méid iomlán conarthaí airgeadais agus ionstraimí airgeadais de bhreis ar EUR 50 billiún, nó [nach bhfuil] aon ionadaí iomchuí nó fíorbheagán ionadaí iomchuí acu atá faoi stiúir an mhargaidh agus [a d'fhéadfadh] tionchar suntasach agus díobhálach a bheith acu ar shláine an mhargaidh, cobhsaíocht airgeadais, tomhaltóirí, an fíorgheilleagar nó maoiniú teaghlach nó gnóthaí i mBallstát amháin nó níos mó.

([16]) Hedge Fund Research, Inc. (SAM), ICAP information Services Limited (An Ríocht Aontaithe), Invesco Indexing LLC (SAM), JPX Market Innovation & Research, Inc. (An tSeapáin), Leonteq Securities AG (An Eilvéis), LPX AG (An Eilvéis) , Nikkei Inc. (An tSeapáin), Scientific Infra Pte Ltd (Singeapór), STOXX Ltd. (An Eilvéis), WisdomTree, Inc. (SAM).

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Líon iomlán** | 345 | 72 | 273 |
| **Ar fáil san Aontas ([17])** | 86 | 72 | 14 |


Ina theannta sin, baineann 259 riarthóir tríú tír nach bhfuil cláraithe san Aontas faoi láthair tairbhe as an idirthréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 51(5) de BMR.([18]) Tá na 10 riarthóir is fearr i measc an 259 riarthóir, i dtéarmaí líon na dtagarmharcanna a thairgtear, bunaithe sa Ríocht Aontaithe nó sna Stáit Aontaithe. Fíor 1 tugtar forbhreathnú ar líon na riarthóirí tagarmharcanna i ngach tír agus cuirtear dáileadh foriomlán na riarthóirí tagarmharcanna i láthair ar fud an domhain. Ina theannta sin, tairgeann na 10 riarthóir tagarmharcanna tríú tír is fearr 98 % de na tagarmharcanna tríú tíortha iomlána a chuirtear ar fáil. I gcomparáid: ní bheadh an riarthóir tríú tír is mó atá cláraithe leis an Aontas faoi láthair (trí fhormhuiniú nó aitheantas) i measc na 10 riarthóir tagarmharcanna is fearr ar fud an domhain de réir líon na dtagarmharcanna a chuirtear ar fáil.

Léirítear leis an méid thuas nach bhfuil ach 5 faoin gcéad de na riarthóirí tagarmharcanna neamh-AE a bhfuil a gcuid tagarmharcanna ar fáil faoi láthair lena n-úsáid ar mhargadh an Aontais tar éis stádas a fháil trína n-áiritheofar go bhfanfaidh a gcuid tagarmharcanna ar fáil tráth a bheidh rialacha tríú tíortha éigeantach.

([17]) A luaithe a bheidh na rialacha tríú tír infheidhme.

([18]) 'De réir na faisnéise a fuarthas ó ESMA, atá bunaithe ar shonraí ó Rimes Technologies - '*Data Management for Financial Services*' ['Bainistíocht Sonraí le haghaidh Seirbhísí Airgeadais'] (www.rimes.com).

*Fíor 1: Líon na riarthóirí tagarmharcanna in aghaidh na tíre ar fud an domhain (seachas iad siúd atá cláraithe cheana féin)([19])*




## 3. BREITHMHEAS

Ceapadh BMR le bheith infheidhme maidir le gach tagarmharc, gach riarthóir tagarmharcanna agus gach úsáid tagarmharcanna ag eintitis de chuid an Aontais atá faoi mhaoirseacht. Ní cheadaítear d'eintitis de chuid an Aontais atá faoi mhaoirseacht ach tagarmharcanna a chomhlíonann BMR a úsáid. I gcás riarthóirí tagarmharcanna atá lonnaithe san Aontas, tá sé éigeantach BMR a chomhlíonadh agus bíonn a gcuid tagarmharcanna go léir ar fáil lena n-úsáid san Aontas mar thoradh air. Maidir le tagarmharcanna neamh-AE, cuireadh roinnt bealaí rochtana ar fáil do riarthóirí neamh-AE. Mar sin féin, ní mór do riarthóirí tagarmharcanna neamh-AE - seachas iad siúd a bhfuil a gcuid tagarmharcanna cumhdaithe le cinneadh coibhéise - cinneadh dearfach a dhéanamh chun comhlíonadh BMR a lorg trí aitheantas nó trí fhormhuiniú. Braitheann an cinneadh sin ar an leas eacnamaíoch a bhaineann le margadh an Aontais dóibh.

Glacadh leis go bhforbródh dlínsí neamh-AE le himeacht ama rialacha cuimsitheacha inchomparáide do thagarmharcanna airgeadais. Chuirfeadh sé sin ar a chumas don Choimisiún na córais rialála sin a aithint mar chórais choibhéiseacha nó chuirfeadh sé ar a gcumas do riarthóirí tagarmharcanna tríú tíortha rochtain a lorg ar mhargadh an Aontais trí bhealaí um aitheantais nó um fhormhuiniú gan aon iarracht comhlíonta breise nó níos ísle ná sin. Mar sin féin, ní amhlaidh a tharla sé. As na córais neamh-AE um rialáil

([19]) Áirítear leis an gcatagóir 'Eile': an tSile, an India, an Nua-Shéalainn, Cónaidhm na Rúise, Singeapór agus an Afraic Theas (le triúr riarthóirí ag gach tír); Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an Airgintín, an Astráil, Bairéin, an Bhrasaíl, an Éigipt, an Indinéis, Iosrael, an Namaib, an Nigéir, na hOileáin Fhilipíneacha, an Téalainn, an Tuirc agus Vítneam (le beirt riarthóirí ag gach tír) agus an Cholóim, Geansaí, Iamáice, an Iordáin, an Chéinia, Cuáit, an Chasacstáin , Srí Lanca, Maracó, Montainéagró, Oileán Mhuirís, Meicsiceo, an Mhalaeisia, Óman, Panama, an Phacastáin, Catar, an tSeirbia, an Araib Shádach, an Túinéis, Oileán na Tríonóide agus Tobága, an Úcráin, Uganda, an tSaimbia agus an tSiombáib (le riarthóir amháin ag gach tír).

tagarmharcanna, ní oibríonn aon cheann acu seachas BMR na Ríochta Aontaithe ar bhonn raon feidhme atá chomh leathan céanna.

Cuireann an staid sin isteach ar úsáideoirí tagarmharcanna AE, toisc go bhféadfadh laghdú suntasach teacht ar líon agus ar éagsúlacht na dtagarmharcanna a fhéadfaidh eintitis de chuid an Aontais atá faoi mhaoirseacht a úsáid de bharr chur i bhfeidhm na rialacha tríú tíortha atá ann faoi láthair faoi BMR. I measc nithe eile, bheadh fadhb ag baint leis sin don earnáil bainistíochta sócmhainní, toisc go gcuirfeadh sé srian le líon agus le héagsúlacht na dtagarmharcanna atá ar fáil do chistí infheistíochta chun feidhmíocht tagarmhairc a mhacasamhlú nó chun feidhmíocht ciste infheistíochta a chur i gcomparáid le tagarmharc, agus meastar an dá cheann acu mar úsáid as an tagarmharc sin faoi BMR. D'fhéadfadh sé sin earnáil bainistíochta sócmhainní an Aontais a dhíchobhsú, agus laghdú a dhéanamh ar chumas úsáideoirí díorthach a gcuid gníomhaíochtaí a fhálú. Leis an díchobhsú sin ar earnáil bainistíochta sócmhainní an Aontais, chomh maith le cumas laghdaithe na n-úsáideoirí díorthach brath ar raon leathan roghanna chun a ngníomhaíochtaí a fhálú mar gheall ar chumas laghdaithe na ndíorthach sin tagairt do thagarmharcanna tríú tír, d'fhéadfaí a thabhairt le tuiscint go bhfuil imní ann maidir le cobhsaíocht airgeadais san Aontas. Ar deireadh, is dócha nach mbeidh margadh níos lú ina bhfuil líon níos lú imreoirí ag tairiscint tagarmharcanna chomh iomaíoch céanna.

Braitheann úsáideoirí tagarmharcanna AE agus úsáideoirí deiridh go mór ar thagarmharcanna a riartar lasmuigh den Aontas. Ag comhairliúchán spriocdhírithe a reáchtáladh i samhradh na bliana 2022([20]), luadh an méid seo a leanas:

- As na **húsáideoirí tagarmharcanna** a d'fhreagair an ceistneoir, níor fhreagair aon duine **nach raibh** a ngníomhaíochtaí ag brath ar thagarmharcanna neamh-AE ar chor ar bith – cé go bhféadfadh go mbeadh claonadh roghnúcháin i bhfeidhm (thuairiscigh 16 úsáideoir as 20 go raibh a ngníomhaíochtaí ag brath go measartha, go láidir nó go heisiach ar thagarmharcanna neamh-AE)

- I measc na gcúiseanna a luadh chun tagarmharc neamh-AE a úsáid in ionad rogha malartaí AE eile tá:
    - **nós**: is cleachtas seanbhunaithe é tagarmharc áirithe a úsáid, nó tá caidreamh gnó fadtéarmach nó leathan ag an úsáideoir leis an riarthóir tagarmharcanna;
    - **gan tagarmharc malartach atá bunaithe san Aontas a bheith ar fáil**, e.g. i margaí nideoige áirithe atá nasctha go bunúsach le tagarmharc sonrach neamh-AE, amhail an margadh um bulclasta tirim a bhraitheann ar thagarmharcanna arna dtáirgeadh ag an Malartán Baltach, atá bunaithe i Londain;
    - **éileamh cliant nó cumhacht margaidh riarthóirí tagarmharcanna áirithe:** uaireanta lorgaíonn cliaint nochtadh do thagarmharc neamh-AE sonrach (ainm branda go minic), agus glactar leis go bhfuil tagarmharcanna áirithe neamh-AE ina gceannairí ina ndeighleog shainiúil den mhargadh (e.g. fine innéacsanna MSCI World).

- Cé go dtuairiscíonn roinnt úsáideoirí tagarmharcanna go príomha nó go heisiach go n-úsáideann siad tagarmharcanna a shásaíonn critéir rialacha BMR tríú tíortha

([20]) Féach https://finance.ec.europa.eu/regulation-and-supervision/consultations/finance-2022-benchmarks-third-country_ga le haghaidh tuarascáil achomair ar na freagraí ar an gcomhairliúchán seo.

cheana féin, nó go dtuairiscíonn siad go bhfuil siad muiníneach go ndéanfaidh riarthóirí tagarmharcanna a úsáideann siad na céimeanna riachtanacha in am, tá éiginnteacht shuntasach i gcónaí maidir le hinfhaighteacht go leor tagarmharcanna neamh-AE amach anseo. I go leor cásanna ní dhearna (58 %; 11 as 19), de riarthóirí nach bhfuil a gcuid tagarmharcanna i gcomhréir fós le BMR a n-úsáideoirí AE a chur ar an eolas go córasach maidir leis an rún atá acu comhlíonadh.

I gcás ina bhfuil úsáid tagarmharcanna neamh-AE mar fhreagairt ar éilimh shonracha ó úsáideoirí deiridh nó ar shaintréithe risíochta nó fálaithe ar leith atá á lorg ag úsáideoirí deiridh nach féidir le tagarmharcanna AE iad a shásamh, agus de bharr srian a chur ar a n-úsáid ag eintitis de chuid an Aontais atá faoi mhaoirseacht, d'fhéadfaí an t-éileamh ar tháirgí airgeadais agus ar sheirbhísí airgeadais a thagraíonn do na tagarmharcanna sin a dhíláithriú do sholáthraithe seirbhísí airgeadais lasmuigh den Aontas. Go deimhin, i gcás nach féidir le banc nó le ciste infheistíochta de chuid an Aontais éileamh infheisteora nó gnólachta a shásamh (mar gheall ar neamhábaltacht tagairt a dhéanamh do thagarmharc neamh-AE), d'fhéadfadh an t-éileamh aistriú chuig soláthraithe i ndlínsí nach gcuireann srian le rochtain ar na tagarmharcanna sin.

## 4. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Maidir le líon reatha na dtagarmharcanna a riartar i dtríú tíortha agus a úsáidtear san Aontas i gcomhréir leis na bealaí rochtana de BMR um choibhéis, aitheantas agus formhuiniú, tá sé íseal i gcomparáid le líon iomlán na dtagarmharcanna atá ar fáil ar fud an domhain. Dá gcuirfí na rialacha is infheidhme maidir le tagarmharcanna tríú tíortha i bhfeidhm an 31 Nollaig 2023, dhéanfaí dochar suntasach d'úsáid leantach san Aontas de thagarmharcanna tríú tír den sórt sin ag eintitis faoi mhaoirseacht nó bheadh an cur i bhfeidhm sin ina riosca do chobhsaíocht airgeadais. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún úsáid a bhaint as an gcumhacht a thugtar in Airteagal 54(7) chun gníomh tarmligthe a ghlacadh lena gcuirfear siar go dtí an 31 Nollaig 2025 cur i bhfeidhm na rialacha lena rialaítear úsáid tagarmharcanna neamh-AE. Agus na difríochtaí idir réimeas an Aontais agus dlínsí eile á gcur san áireamh, leanann an Coimisiún d'faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm BMR san Aontas agus ar na rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a bhaineann leis chun bonn eolais a thabhairt d'athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcóras dlí amach anseo.